2024/2104

25.9.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/2104 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Meitheamh 2024

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na cásanna ina bhféadfaidh údaráis inniúla a iarraidh ar oibreoirí fógra a thabhairt maidir le teacht earraí áirithe atá ag teacht isteach san Aontas, agus na coinníollacha faoina bhféadfaidh na húdaráis sin déanamh amhlaidh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go hairithe Airteagal 45(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2017/625, bunaítear an creat le haghaidh rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile chun a fhíorú go bhfuil reachtaíocht an Aontais maidir leis an slabhra agraibhia á comhlíonadh. Áirítear sa chreat sin rialuithe oifigiúla a dhéantar ar ainmhithe agus ar earraí a thagann isteach san Aontas.

(2) Le hAirteagal 47(1) de Rialachán (AE) 2017/625 ceanglaítear ar na Ballstáit rialuithe oifigiúla a dhéanamh ag poist ainmnithe rialaithe teorann ar gach coinsíneacht de na catagóirí ainmhithe agus earraí dá dtagraítear san fhoráil sin. I gcás na n-ainmhithe agus na n-earraí sin, tá réamhfhógra le tabhairt faoi gach coinsíneacht agus tá gach ceann acu le seiceáil ag poist rialaithe teorann trí úsáid a bhaint as an Doiciméad Coiteann Iontrála Sláinte (CHED) dá dtagraítear in Airteagal 56 de Rialachán (AE) 2017/625. Tá CHED le cur isteach sa chóras bainistíochta faisnéise do rialuithe oifigiúla (CBFRO) arna bhunú agus arna bhainistiú ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 131(1) den Rialachán sin.

(3) De bhun Airteagal 44 de Rialachán (AE) 2017/625, tá rialuithe oifigiúla le déanamh ag na Ballstáit go tráthrialta, ar bhonn riosca agus a mhinice is iomchuí, ar ainmhithe agus ar earraí a thagann isteach san Aontas nach bhfuil feidhm ag Airteagail 47 agus 48 den Rialachán sin maidir leo. Tá an mhinicíocht iomchuí le cinneadh agus na critéir a leagtar síos in Airteagal 44(2) de Rialachán (AE) 2017/625 á gcur san áireamh, agus maidir le táirgí cosanta plandaí, na critéir a bhunaítear in Airteagal 24(2) den Rialachán sin freisin. Nuair a dhéanfar na rialuithe oifigiúla sin, tá seiceáil dhoiciméadach agus seiceálacha céannachta agus fisiceacha le háireamh iontu de réir an riosca do shláinte an duine, ainmhithe nó plandaí, do leas ainmhithe nó, a mhéid a bhaineann le horgánaigh ghéinmhodhnaithe (OGManna) agus táirgí cosanta plandaí, don chomhshaol freisin.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 44(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 017/625, is ag post rialaithe teorann, i measc áiteanna eile, atá rialuithe oifigiúla le déanamh ar na hearraí a thagann isteach san Aontas ó thríú tíortha nach bhfuil feidhm ag Airteagail 47 agus 48 den Rialachán sin maidir leo.

(5) Earraí áirithe a thagann isteach san Aontas ó thríú tíortha, cruthaíonn siad rioscaí do shláinte an duine, ainmhithe nó plandaí, do leas ainmnithe nó, a mhéid a bhaineann le OGManna agus táirgí cosanta plandaí, don chomhshaol freisin. Le faisnéis faoi reachtaíocht tríú tíortha in earnáil ar leith, faoi rialuithe oifigiúla leordhóthanacha a bheith á ndéanamh ag údaráis inniúla tríú tíortha san earnáil sin, nó le haon fhaisnéis ábhartha eile ó theagmhálacha déthaobhacha le tríú tíortha, is féidir leis na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar stair na comhlíontachta leis na ceanglais arna mbunú leis na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2017/625 is infheidhme maidir leis na hearraí lena mbaineann.

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj.

(6) Nuair a dhéanfaidh na húdaráis inniúla ag an bpost rialaithe teorann rialuithe oifigiúla ar na hearraí sin, tá seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha le bheith san áireamh sna rialuithe oifigiúla. Chun é a chur ar a gcumas do na húdaráis inniúla na seiceálacha sin a eagrú ar bhealach éifeachtúil lena gcuirtear cosc ar rioscaí a thabhairt isteach san Aontas, ba cheart do na húdaráis inniúla a bheith in ann faisnéis chaighdeánaithe a fháil roimh ré ina dtugtar tuairisc ar na coinsíneachtaí agus í mionsonraithe go leor chun gur féidir leis na húdaráis inniúla na coinsíneachtaí, a gceann scríbe agus a n-úsáid bheartaithe a shainaithint láithreach agus go hiomlán.

(7) Dá bhrí sin, is iomchuí Rialachán (AE) 2017/625 a fhorlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 45(4) den Rialachán sin agus na cásanna a shonrú ina bhféadfaidh, agus na coinníollacha faoina bhféadfaidh, údaráis inniúla na mBallstát a iarraidh ar oibreoirí fógra a thabhairt faoi theacht coinsíneachtaí d'earraí áirithe ó thríú tíortha. Ba cheart cinneadh na gcásanna agus na gcoinníollacha sin a bheith bunaithe ar mheasúnú ar na rioscaí do shláinte an duine, ainmhithe nó plandaí, do leas ainmhithe nó, a mhéid a bhaineann le OGManna agus táirgí cosanta plandaí, don chomhshaol freisin, rioscaí a bhaineann leis na hearraí lena mbaineann, nó ar stair na comhlíontachta leis na ceanglais a bhunaítear leis na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2017/625 is infheidhme maidir leis na hearraí lena mbaineann. Thairis sin, ba cheart na fógraí teachta a bheith ag baint le coinsíneachtaí earraí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann i gcomhréir le hAirteagal 44(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2017/625.

(8) Ag féachaint d'Airteagal 133(3) de Rialachán (AE) 2017/625, is trí CBFRO atá fógraí teachta le tabhairt. Chun malartuithe tráthúla sonraí a éascú idir na húdaráis inniúla a dhéanann seiceálacha sláintíochta agus físeashláintíochta agus na húdaráis chustaim, lena n-áirítear malartuithe trí mhodhanna leictreonacha, ba cheart don oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht fógra a thabhairt faoi theacht na coinsíneachta sin trí na sonraí ábhartha a líonadh isteach agus a chur isteach sa Chóras um Rialú Trádála agus um Shaineolaithe (TRACES) in CBFRO, lena dtarchur chuig na húdaráis inniúla ag poist rialaithe teorann an chéad teachta san Aontas agus le go mbeadh rochtain ar na sonraí ag na húdaráis chustaim i gcomhréir le hAirteagal 38(1), pointe (b), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún ([2]).

(9) Ba cheart don oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht tuairisc ar an gcoinsíneacht atá mionsonraithe go leor a thabhairt san fhógra teachta chun go bhféadfaidh na húdaráis inniúla an choinsíneacht, a ceann scríbe agus a húsáid bheartaithe, amhail tomhaltas ag an duine, beatha ainmhithe, sampla, ítim le taispeáint do thaispeántais, ábhair a bhíonn i dtadhall le bia, táirgí cosanta plandaí nó eile, a shainaithint láithreach agus go hiomlán. Ina theannta sin, ba cheart don oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht a dheimhniú, trí bhíthin dearbhú, go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear san fhógra teachta fíor agus iomlán. Chun an nós imeachta a éascú agus ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, ba cheart an fhaisnéis a sholáthar agus úsáid á baint as formáid chaighdeánaithe.

(10) San fhormáid chaighdeánaithe a úsáidtear chun tuairisc a thabhairt ar na coinsíneachtaí, ba cheart d'oibreoirí atá freagrach as an gcoinsíneacht a bheith in ann a léiriú go bhfuil na coinsíneachtaí sin le haistriú chuig saoráidí iompair ar aghaidh a ainmníodh i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124 ón gCoimisiún ([3]). Ba cheart do na hoibreoirí atá freagrach as an gcoinsíneacht a bheith in ann a léiriú freisin go bhfuil coinsíneachtaí le haistriú chuig stórais chustaim dá dtagraítear in Airteagal 240(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) nó chuig áiseanna stórála sealadaí dá dtagraítear in Airteagal 147(1) den Rialachán sin. Ba cheart d'oibreoirí tuairisc a thabhairt ar choinsíneachtaí agus tagairt á déanamh do chód agus teideal na hAinmníochta Comhcheangailte (AC) dá bhforáiltear i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([5]) agus do chód taraife comhtháite an Aontais Eorpaigh (TARIC).

(11) De bhun Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2017/625, ní mór do na húdaráis inniúla taifid i scríbhinn a tharraingt suas ar gach rialú oifigiúil a dhéanann siad, ar pháipéar nó i bhfoirm leictreonach. Chun feidhmiú na rialuithe oifigiúla agus na rialuithe custaim a éascú, ba cheart do na húdaráis inniúla ag na poist rialaithe teorann a bheith in ann taifid i scríbhinn ar na rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ar na coinsíneachtaí agus aon chinneadh arna dhéanamh ar an mbonn sin, lena n-áirítear an cinneadh coinsíneacht a dhiúltú, a chur leis an bhfógra teachta arna chur isteach in TRACES.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos na rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise do rialuithe oifigiúla agus comhpháirteanna a chórais ('Rialachán CBFRO') (IO L 261, 14.10.2019, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/1715/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le rialuithe oifigiúla ar choinsíneachtaí ainmhithe agus earraí atá faoi bhealach, á dtrasloingsiú agus á n-iompar ar aghaidh tríd an Aontas, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 798/2008, (CE) Uimh. 1251/2008, (CE) Uimh. 119/2009, (AE) Uimh. 206/2010, (AE) Uimh. 605/2010, (AE) Uimh. 142/2011, (AE) Uimh. 28/2012 ón gCoimisiún, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/759 ón gCoimisiún agus Cinneadh 2007/777/CE ón gCoimisiún (IO L 321, 12.12.2019, lch. 73), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/2124/oj).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj).

([5]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

(12) Chun leibhéal leordhóthanach slándála a áirithiú maidir le modhanna leictreonacha sainaitheantais agus maidir le deimhniúchán leictreonach agus chun an nós imeachta a dhigitiú agus a chomhchuibhiú, ba cheart úsáid fógra teachta leictreonaigh arna chur isteach in TRACES na caighdeáin maidir le ríomhshínithe agus ríomhshéalaí a chomhlíonadh de réir a leibhéal éagsúil dearbhaithe céannachta a leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) agus le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1506 ón gCoimisiún ([7]).

(13) Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le dáta cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar ag féachaint don am is gá chun a áirithiú go nascfar TRACES i leith an fhógra teachta dá bhforáiltear sa Rialachán seo le Córas leictreonach Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam arna bhunú le Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha maidir leis na cásanna ina bhféadfaidh, agus na coinníollacha faoina bhféadfaidh, údaráis inniúla a iarraidh ar oibreoirí fógra a thabhairt faoi theacht earraí áirithe atá ag teacht isteach san Aontas agus na cásanna sin nach bhfuil feidhm ag Airteagail 47 agus 48 de Rialachán (AE) 2017/625 maidir leo.

Airteagal 2

Cásanna ina bhféadfar fógra a iarraidh

Féadfaidh údaráis inniúla a iarraidh ar oibreoirí fógra a thabhairt faoi theacht earraí áirithe i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(1) tá gá leis an bhfógra, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

(a) rioscaí sainaitheanta do shláinte an duine, ainmhithe nó plandaí, do leas ainmhithe nó, a mhéid a bhaineann le horgánaigh ghéinmhodhnaithe agus táirgí cosanta plandaí, don chomhshaol freisin, ar rioscaí iad a bhaineann leis na hearraí lena mbaineann; nó

(b) stair chomhlíontachta na gceanglas arna mbunú leis na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2017/625 is infheidhme maidir leis na na hearraí lena mbaineann:

(2) tá na hearraí lena mbaineann faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann i gcomhréir le hAirteagal 44(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2017/625.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'TRACES' an córas dá dtagraítear in Airteagal 133(4) de Rialachán (AE) 2017/625:

(2) ciallaíonn 'ríomhshíniú' ríomhshíniú mar a shainmhínítear in Airteagal 3(10) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014;

(3) ciallaíonn 'ríomhshéala ardleibhéil' ríomhshéala lena gcomhlíontar na sonraíochtaí teicniúla a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1506 ón gCoimisiún;

(4) ciallaíonn 'ríomhshéala cáilithe' ríomhshéala mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (27), de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014;

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj).

([7]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1506 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos sonraíochtaí i ndáil le formáidí ríomhshínithe ardleibhéil agus ríomhshéalaí ardleibhéil atá le haithint ag comhlachtaí san earnáil phoiblí de bhun Airteagal 27(5) agus Airteagal 37(5) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach (IO L 235, 9.9.2015, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2015/1506/oj).

([8]) Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena mbunaítear Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custaim agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (IO L 317, 9.12.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2399/oj).

Airteagal 4

Coinníollacha maidir leis an bhfógra teachta a iarraidh

1. Féadfaidh na húdaráis inniúla a iarraidh ar oibreoirí fógra a thabhairt maidir le teacht na gcoinsíneachtaí ar choinníoll gur laistigh de chríoch Bhallstát na n-údarás inniúil atá post rialaithe teorann an chéad teachta san Aontas.

2. Is éard a bheidh san fhógra teachta:

(a) faisnéis chaighdeánaithe ina dtugtar tuairisc ar na coinsíneachtaí agus í mionsonraithe go leor chun gur féidir leis na húdaráis inniúla na coinsíneachtaí, a gceann scríbe agus a n-úsáid bheartaithe a shainaithint láithreach agus go hiomlán, i gcomhréir le mír 4;

(b) dearbhú ón oibreoir atá freagrach as na coinsíneachtaí lena dheimhniú go bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) fíor agus iomlán.

3. Déanfaidh an t-oibreoir atá freagrach as na coinsíneachtaí an fógra teachta in TRACES a líonadh isteach agus a chur isteach le haghaidh gach coinsíneachta, i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais de chuid an Bhallstáit teacht isteach, lena tharchur chuig údaráis inniúla phost rialaithe teorann an chéad teachta chuig an Aontas roimh theacht na gcoinsíneachtaí. Féadfaidh Ballstát, áfach, toiliú le fógra a tharraingt suas i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais nach teanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit teacht isteach í.

4. Líonfar isteach an fógra teachta de réir na faisnéise caighdeánaithe thíos:

(a) ainm, seoladh, agus tír an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a sheolann an choinsíneacht, agus cód tíre Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) atá ag an duine sin;

(b) ainm phost rialaithe teorann an chéad teachta san Aontas

(c) ainm agus seoladh an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a bhfuil an choinsíneacht ceaptha dó;

(d) ainm, seoladh, tír agus cód tíre ISO na háite ina bhfuil an choinsíneacht á seachadadh le haghaidh díluchtú deiridh.

(e) ainm, seoladh, tír agus cód tíre ISO an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh sa Bhallstát atá i gceannas ar an gcoinsíneacht nuair a chuirtear i láthair í ag an bpost rialaithe teorann

(f) cineál na ndoiciméad a ghabhann leis an gcoinsíneacht, a gcód uathúil agus an tír eisiúna, i gcás inarb infheidhme;

(g) tagairtí do dhoiciméid tráchtála, i gcás inarb infheidhme;

(h) an dáta teachta measta agus an t-am teachta measta ag an bpointe iontrála ag a bhfuil an post rialaithe teorann lonnaithe

(i) tír thionscnaimh na n-earraí nó an tír inar fásadh, inar baineadh nó inar táirgeadh iad

(j) an modh iompair deiridh le haghaidh an turais chuig an Aontas agus sainaithint an mhodha iompair dheiridh;

(k) an tír inar luchtaíodh na hearraí ar an modh iompair deiridh le haghaidh an turais chuig an Aontas

(l) ainm, seoladh, tír agus cód tíre ISO na mbunaíochtaí tionscnaimh agus, i gcás inarb infheidhme, a gcláruimhir nó a n-uimhir formheasa;

(m) catagóir na teochta is gá le linn iompair (comhthimpeallach, fuaraithe, reoite), i gcás inarb infheidhme;

(n) uimhir an choimeádáin agus uimhir an tséala, i gcás inarb infheidhme;

(o) úsáid bheartaithe na n-earraí nó a gcatagóir mar a shonraítear sna deimhnithe oifigiúla, sna fianuithe oifigiúla, sna dearbhuithe nó sna doiciméid tráchtála, i gcás inar gá;

(p) faisnéis faoi chomhréireacht na n-earraí;

(q) ceann scríbe beartaithe na coinsíneachta tar éis don choinsíneacht imeacht ón bpost rialaithe teorann, mar a leanas:

  (i) 'le haghaidh an mhargaidh inmheánaigh', i gcás ina bhfuil sé beartaithe an choinsíneacht a chur ar an margadh san Aontas;

  (ii) 'le haghaidh idirthurais', i gcás coinsíneachtaí de bhreiseáin bheatha neamhúdaraithe nach de bhunadh ainmhíoch iad agus coinsíneachtaí de tháirgí cosanta plandaí neamhúdaraithe atá beartaithe le haghaidh idirthurais chuig tríú tír is ceann scríbe, maille le hainm agus cód tíre ISO an tríú tír is ceann scríbe agus, i gcás coinsíneachtaí de tháirgí neamhúdaraithe atá ag trasnú chríoch an Aontais de bhóthar, d'iarnród nó d'uiscebhealach, ainm an phoist rialaithe teorann imeachta atá lonnaithe sa Bhallstát céanna leis an bpost rialaithe teorann;

  (iii) 'le haistriú chuig', más féidir an choinsíneacht a aistriú de bhua rialacha náisiúnta ón bpost rialaithe teorann chuig pointe rialaithe dá dtagraítear in Airteagal 53(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/625, ar pointe é atá lonnaithe sa Bhallstát céanna leis an bpost rialaithe teorann, le haghaidh rialuithe oifigiúla breise, agus ainm an phointe rialaithe á léiriú;

(iv) 'le hiompar ar aghaidh chuig', más féidir an choinsíneacht a aistriú de bhua rialacha náisiúnta chuig saoráid iompair ar aghaidh arna hainmniú i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124, saoráid atá lonnaithe sa Bhallstát céanna leis an bpost rialaithe teorann, agus sonraí na saoráide sin á léiriú;

(v) i gcás coinsíneachtaí de bhreiseáin bheatha neamhúdaraithe nach de bhunadh ainmhíoch iad agus coinsíneachtaí de tháirgí cosanta plandaí neamhúdaraithe nach bhfuil ar idirthuras díreach go tríú tír, na cinn scríbe rialaithe seo a leanas ina seachadfar an choinsíneacht sula bhfágfaidh sí críoch an Bhallstáit ina bhfuil an post rialaithe teorann lonnaithe:

(1) stóras custaim dá dtagraítear in Airteagal 240(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

(2) áiseanna stórála sealadaí dá dtagraítear in Airteagal 147(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(3) saorlimistéar, i gcás inarb infheidhme;

(4) bunaíocht gnólachta beatha, agus a cláruimhir nó a huimhir formheasa á léiriú;

(r) tuairisc ar na hearraí sa choinsíneacht, bunaithe ar dheimhnithe oifigiúla, fianuithe oifigiúla, dearbhuithe nó doiciméid tráchtála, lenar féidir iad a shainaithint agus na táillí a ríomh, lena n-áirítear gach ceann díobh seo a leanas:

(i) cód agus teideal na hAinmníochta Comhcheangailte (AC) dá bhforáiltear i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, agus cód taraife comhtháite an Aontais Eorpaigh (TARIC);

(ii) an glanmheáchan, i gcileagraim;

(iii) an t-ollmheáchan, atá comhdhéanta den ghlanmheáchan, móide na céadchoimeádáin agus an phacáistíocht uile, ach gan coimeádáin iompair agus trealamh iompair eile a áireamh;

(iv) an cineál pacáistí agus an líon iomlán pacáistí sna coinsíneachtaí;

(v) an bhaiscuimhir;

(vi) an cineál táirge, lena n-áirítear cé acu atá nó nach bhfuil sé beartaithe na hearraí a chur ar an margadh mar tháirgí orgánacha nó mar tháirgí atá á dtiontú

(vii) an líon píosaí nó an toirt, i gcás inarb iomchuí.

5. Féadfaidh na húdaráis inniúla ag na poist rialaithe teorann taifid i scríbhinn ar rialuithe oifigiúla dá dtagraítear in Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) 2017/625 a chur leis an bhfógra teachta arna chur isteach in TRACES, lena n-áirítear aon cheann de na cinntí seo a leanas arna ndéanamh maidir leis na coinsíneachtaí:

(a) 'inghlactha le haghaidh an mhargaidh inmheánaigh';

(b) 'inghlactha le haghaidh aistriú';

(c) 'inghlactha le haghaidh iompar ar aghaidh';

(d) 'inghlactha le haghaidh idirthurais';

(e) 'inghlactha le haghaidh earraí neamh-chomhréireacha';

(f) 'doghlactha'.

6. Maidir le fógraí teachta, a shíníonn oibreoirí atá freagrach as an gcoinsíneachta in TRACES lena ríomhshíniú, beidh ríomhshéala ardleibhéil nó ríomhshéala cáilithe na n-údarás inniúil orthu.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 3 Márta 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN